# Treoirlínte Tuairiscithe

Márta 2018

# An Clár Ábhar


Réamhrá 4

Gnóthachtáil an scoláire a chur in iúl 4

Tuairisciú éifeachtach sa tsraith shóisearach 4

Prionsabail threoracha atá mar bhonn agus taca faoin tuairisciú sa tsraith shóisearach 5

Idirchaidreamh barántúil le tuismitheoirí a spreagadh 5

Deiseanna a chur ar fáil don scoláire trí aiseolas chun machnamh a dhéanamh ar a fhoghlaim 6

Meas a léiriú ar bhreitheanna gairmiúla múinteoirí 7

Teanga na foghlama a úsáid chun aiseolas éifeachtach a chur ar fáil 7

A bheith inláimhsithe agus gan am a bhaint den fhoghlaim agus teagasc 8

Dul chun cinn i bhfoghlaim an scoláire a chur in iúl go soiléir 8

Faisnéis a chur ar fáil ar réimse leathan de ghnóthachtáil 8

Tuiscint a léiriú ar fhéinmheas agus ar fholláine ghinearálta an scoláire agus cur chuige ionchuimsitheach a ghlacadh 9

An nasc idir an tuairisciú agus Próifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (JCPA) 9

Tuairisciú foirmiúil ar dhul chun cinn an scoláire 10

Tuairisceoirí a úsáid don tuairisciú 10

Tuairisceoirí gnóthachtála sa Mheasúnú Rangbhunaithe 11

Tuairisceoirí gráid i scrúduithe scoile 11

Conclúid 11

# Réamhrá

Tá léirithe sa *Chreat don tSraith Shóisearach* (2015) chomh tábhachtach is atá an próiseas tuairiscithe, a bhfuil bronnadh Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí mar bhuaicphointe léi, don tsraith shóisearach nua.

> *I rith na dtrí bliana sa tsraith shóisearach, beidh aiseolas ó bhéal agus scríofa chuig tuismitheoirí/caomhnóirí agus an scoláire ríthábhachtach chun tacú leis an scoláire cur lena láidreachtaí agus dul i ngleic le réimsí inar féidir an fhoghlaim a fheabhsú...*
>
> *Mar go nascfar an measúnú ranga agus measúnú eile le córas nua tuairiscithe, arb é bronnadh Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS) a bhuaicphointe, tabharfaidh sé léargas leathan soiléir do thuismitheoirí/caomhnóirí ar thuras foghlama a linbh thar thrí bliana na sraithe sóisearaí.*

Tá leagtha amach sna treoirlínte seo cur chuige maidir le tuairisciú sa tsraith shóisearach a chuirfidh le forbairt phearsanta an scoláire, a thacóidh le foghlaim agus teagasc ach a bheidh soláimhsithe agus inrochtana do gach duine atá páirteach. Cabhróidh cur chuige níos leithne i leith tuairiscithe, a chlúdaíonn an chéad go dtí an tríú bliain, chun nach gcuirfear an iomarca béime róluath ar ullmhúchán agus feidhmíocht scrúdaithe. Aithnítear sa cháipéis seo an tábhacht a bhaineann le tógáil ar an réimse de chleachtas tuairiscithe éifeachtach atá i scoileanna.

## Gnóthachtáil an scoláire a chur in iúl

Léiríonn an cur chuige sna treoirlínte seo i leith gnóthachtáil an scoláire a chur in iúl an tábhacht, mar atá leagtha amach sa *Chreat don tSraith Shóisearach*, a bhaineann le suntasacht a thabhairt don mheasúnú leanúnach a úsáideann múinteoirí mar chuid dá gcleachtas laethúil. Ag an am céanna, dírítear ar chur chuige déach i leith an mheasúnaithe a chothú lena n-áirítear Measúnuithe Rangbhunaithe agus scrúduithe stát-deimhnithe a úsáid ag deireadh an tríú bliain den tsraith shóisearach.

## Tuairisciú éifeachtach sa tsraith shóisearach

Sa *Chreat don tSraith Shóisearach (2015)*, feictear socruithe um thuairisciú foirmiúil ag cur le deiseanna tuairiscithe eile lena n-áirítear cruinnithe tuismitheoirí agus múinteoirí, idirphlé idir múinteoirí agus scoláirí, agus cumarsáid i scríbhinn idir an scoil agus an baile. Ag croílár an phróisis leathain seo, feictear go mbaineann gach tuairisciú le plé eolasach, ó bhéal nó i scríbhinn, idir múinteoirí, tuismitheoirí agus an scoláire maidir le conas an fhoghlaim a fheabhsú.

Agus próiseas tuairiscithe éifeachtach á thógáil, tá sé mar aidhm againn a chinntiú go mbíonn foghlaim agus gnóthachtáil an scoláire soiléir do gach duine agus go mbíonn páirt ghníomhach ag tuismitheoirí i bhfoghlaim an scoláire ar bhonn leanúnach. Is féidir é seo a bhaint amach trí aiseolas soiléir a sholáthar ar fhoghlaim an scoláire. Nuair a tharlaíonn sé seo, cruthaíonn sé deis le haghaidh plé agus rannpháirtíocht idir an scoláire, tuismitheoirí agus an múinteoir ar na chéad chéimeanna eile a theastaíonn le tacú le foghlaim agus lena feabhsú.

# Prionsabail threoracha atá mar bhonn agus taca faoin tuairisciú sa tsraith shóisearach

Tá na prionsabail threoracha seo a leanas mar bhonn agus taca faoi na hathruithe ar an bpróiseas tuairiscithe.

**Ba cheart don tuairisciú na nithe seo a leanas a dhéanamh:**

- **Idirchaidreamh barántúil le tuismitheoirí a spreagadh**
- **Deiseanna a chur ar fáil don scoláire trí aiseolas chun machnamh a dhéanamh ar a fhoghlaim**
- **Meas a léiriú ar bhreitheanna gairmiúla múinteoirí**
- **Teanga na foghlama a úsáid chun aiseolas éifeachtach a chur ar fáil**
- **A bheith inláimhsithe agus gan am a bhaint den fhoghlaim agus teagasc**
- **Dul chun cinn i bhfoghlaim an scoláire a chur in iúl go soiléir**
- **Faisnéis a chur ar fáil ar réimse leathan de ghnóthachtáil**
- **Tuiscint a léiriú ar fhéinmheas agus ar fholláine ghinearálta an scoláire agus cur chuige ionchuimsitheach a ghlacadh**

## Idirchaidreamh barántúil le tuismitheoirí a spreagadh

Cuireann na socruithe nua don tuairisciú fócas suntasach ar an gcaidreamh idir an scoláire, múinteoirí agus tuismitheoirí mar bhealach chun an fhoghlaim a fheabhsú. I gcomhthéacs na comhpháirtíochta triantánaí seo, tá meas ar chroí-ról na dtuismitheoirí, arb iad na chéad mhúinteoirí iad, sa phróiseas foghlama.

Léirítear tábhacht ról na dtuismitheoirí i bhfoghlaim an scoláire chomh maith i bhfianaise taighde. Cuireann Harris agus Goodall (2008) béim ar an gcaoi *a ndéanann rannpháirtíocht tuismitheora i bhfoghlaim an pháiste sa bhaile an difear is mó ó thaobh ghnóthachtáil an scoláire de*, agus ina staidéar ar rannpháirtíocht tuismitheora in oideachas iar-bhunscoile in Éirinn, cinneann Byrne, D. agus Smyth, E. (2010) go léiríonn formhór an taighde idirnáisiúnta ar rannpháirtíocht tuismitheora comhaontú leathan go mbreisíonn rannpháirtíocht tuismitheoirí sa phróiseas foghlama torthaí oideachais do pháistí agus daoine óga.

Tá sé tábhachtach, áfach, a aibhsiú nach ionann tuismitheoirí a bheith rannpháirteach i scolaíocht agus tuismitheoirí a bheith páirteach san fhoghlaim. Ina gconclúidí, tugann Harris agus Goodall le fios:

> *…cé go bhfuil feidhm thábhachtach shóisialta agus phobail ag rannpháirtíocht tuismitheoirí i ngníomhaíochtaí scoile, is trí rannpháirtíocht tuismitheoirí san fhoghlaim sa bhaile is dóchúla is féidir difear dearfach a dhéanamh ó thaobh torthaí foghlama de*

Tá leagtha amach sna socruithe tuairiscithe sna treoirlínte seo agus sa leabhrán a ghabhann leo '*Tuairisciú leanúnach i gcomhair teagasc agus foghlaim éifeachtach'* deiseanna do scoileanna chun tacú le rannpháirtíocht tuismitheoirí i bhfoghlaim an scoláire.

## Deiseanna a chur ar fáil don scoláire trí aiseolas chun machnamh a dhéanamh ar a fhoghlaim

Tá béim sa Chreat ar an ról a bheidh ag an scoláire féin sa phróiseas tuairiscithe trí phróiseas athmhachnaimh agus idirphlé ar an dul chun cinn atá á dhéanamh aige san fhoghlaim. Léiríonn sé seo an teachtaireacht atá ag croí Airteagal 12 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh ina ndéantar an cás go soiléir gur chóir ceart a bheith ag gach leanbh 'a thuairimí, mothúcháin agus mianta a chur in iúl i ngach ceist a bhaineann leis'.

Taispeánadh, chomh maith, i dtaighde a rinneadh gur den riachtanas é úinéireacht agus rannpháirtíocht níos mó a bheith ag an scoláire sa phróiseas foghlama le go mbainfear amach torthaí foghlama feabhsaithe. Léiríonn fianaise taighde shuntasach a chuir Hattie (2009 agus 2012) ar fáil go bhfuil, ar cheann de na bealaí is éifeachtaí chun an bhearna gnóthachtála a laghdú, a mhúineadh don scoláire conas féinmheasúnú a dhéanamh agus go leor aiseolais a chur ar fáil dó i rith an phróisis.

De réir an taighde seo, tá na socruithe tuairiscithe nua dírithe ar an scoláire a spreagadh chun ról lárnach a bheith aige mar rannpháirtí gníomhach agus spreagtha ina fhoghlaim féin. Sa chomhthéacs seo, is mó an seans go ndéanfar tuairisciú saibhir ar dhul chun cinn an scoláire nuair a fhorbraítear é laistigh de chomhthéacs an aiseolais rialta sa rang agus deiseanna á gcur ar fáil go minic don scoláire le machnamh a dhéanamh ar a fhoghlaim féin.

### Meas a léiriú ar bhreitheanna gairmiúla múinteoirí

Baineann an tríú cuid den triantán tuairiscithe le béim ar bhreithniú gairmiúil múinteoirí agus iad ag teacht ar chinntí maidir le dul chun cinn an scoláire. Chun é seo a dhéanamh, bíonn ar mhúinteoirí a bheith in ann pictiúr cuimsitheach de ghnóthachtáil an scoláire a chur ar fáil agus d'fhéadfadh sé gur ghá bogadh ó bhéim ar bhreithnithe suimitheacha i dtreo béim níos mó ar chinntí maidir le dul chun cinn an scoláire, bunaithe ar réimse leathan d'fhianaise.

Faoi na socruithe nua arna leagan amach sa Chreat, bogfaidh múinteoirí ó bheith ag brath ar mharcanna agus ar thorthaí scrúduithe go dtí cur chuige a chothromaíonn na torthaí seo le breithniú méadaithe ar an gcaoi a bhfuil ag éirí leis an scoláire, ag baint úsáid as réimse d'fhianaise ón bhfoghlaim laethúil á breithniú de réir sraith de chritéir ratha nó Gnéithe Cáilíochta.

### Teanga na foghlama a úsáid chun aiseolas éifeachtach a chur ar fáil

Gné shuntasach amháin den tsraith shóisearach is ea an teanga a úsáidfear chun taifead a dhéanamh d'fheidhmíocht an scoláire in obair ranga nó obair baile, bunaithe ar chritéir ratha nó Gnéithe Cáilíochta. Cé go bhféadfaí breithnithe suimitheacha d'fheidhmíocht an scoláire i scrúduithe deireadh téarma agus/nó tástálacha ranga a chuimsiú sa tuairisciú freisin, bogfar de réir a chéile i dtreo scoileanna ag tuairisciú dhul chun cinn an scoláire bunaithe ar réimse leathan d'fhianaise ó éagsúlacht d'fhoinsí mar aon le táscaire ar láidreachtaí ar leith agus réimsí ina bhfuil gá le forbairt.

Dúshlán suntasach do mhúinteoirí, tuismitheoirí agus don scoláire a bheidh ann bogadh ar aghaidh ón gcóras reatha tuairiscithe atá bunaithe go príomha ar chéatadáin, marcanna agus gráid. Ní luíonn an bhéim reatha, ar dhul chun cinn an scoláire a thuairisciú bunaithe ar thástáil aonair, go maith leis an gcomhairle sa Chreat don tSraith Shóisearach go n-úsáidfidh scoileanna 'éagsúlacht de chuir chuige measúnaithe a cheadóidh don scoláire a thuiscint ar choincheapa agus scileanna agus a chumas chun iad a chur i bhfeidhm a léiriú ar bhealaí nach bhféadfaí a dhéanamh i scrúdú scríofa'.

Táthar ag súil go bhforbrófar thar am muinín i dtuairisciú dhul chun cinn an scoláire bunaithe ar an teanga foghlama a bhaineann le critéir ratha agus Gnéithe Cáilíochta de réir mar a chuireann múinteoirí eolas níos fearr ar na cuir chuige nua. Féadfaidh múinteoirí ábhar tacaíochta a fháil sna leabhráin *Díriú ar an bhFoghlaim* (ar fáil ag https://www.ncca.ie/ga/an-tsraith-shóisearach/measúnú-

agus-tuairisciú/díriú-ar-an-bhfoghlaim) atá úsáideach chun an cleachtas i réimse na n-intinní foghlama agus na gcritéar ratha a fhorbairt.

## A bheith inláimhsithe agus gan am a bhaint den fhoghlaim agus teagasc

Aibhsíonn an Creat gur cheart go mbeadh an tuairisciú *éifeachtach, inláimhsithe agus cuí.* De réir na comhairle seo, ní bheidh gá le hachoimre a dhéanamh ar gach gné de dhul chun cinn an scoláire i ngach tuarascáil scríofa. Táthar ag súil freisin go gcuirfidh múinteoirí formhór an aiseolais ar fáil don scoláire ó bhéal. I dtaca le bainistíocht ar an bpróiseas tuairiscithe, beidh sé tábhachtach go bhfeiceann múinteoirí agus bainisteoirí scoile gur rud ríthábhachtach í an dea-phleanáil. Cuirfidh pleanáil éifeachtach den chineál sin ar chumas múinteoirí a n-aird a dhíriú ar an bhfianaise is ábhartha ar an bhfoghlaim atá le taifeadadh agus aon mhaorlathas gan ghá a sheachaint.

Úsáideann múinteoirí dialanna múinteoirí in iar-bhunscoileanna ar réimse leathan bealaí, lena n-áirítear mar uirlis chun taifead a choinneáil de réimse leathan d'fhaisnéis a bhaineann leis an scoláire amhail dul chun cinn foghlama, tinreamh, iompar, iarracht agus torthaí measúnaithe. Úsáidtear an fhaisnéis seo go minic chun an plé a threorú ag cruinnithe tuismitheora-múinteora agus d'fhéadfadh sé gur uirlis úsáideach é ag múinteoirí chun réimse leathan d'fhianaise ar dhul chun cinn an scoláire a thaifeadadh. D'fhéadfadh sé go mbeadh sé úsáideach ag múinteoirí freisin an scoláire a bheith rannpháirteach i dtaifeadadh a dhul chun cinn féin mar chuid den phróiseas tuairiscithe leanúnach.

Agus múinteoirí ag cur a gcuid cur chuige in oiriúint chun réimse leathan d'fhianaise a bhailiú chun críche tuairiscithe, b'fhéidir go mbeadh scoileanna ag iarraidh meabhrú ar na tairbhí a bhaineann leis an am a chuirtear ar fáil do scrúduithe scoile (minicíocht agus/nó scóip na scrúduithe seo) a laghdú, go háirithe sa chéad agus sa dara bliain den tsraith shóisearach.

## Dul chun cinn i bhfoghlaim an scoláire a chur in iúl go soiléir

Prionsabal tábhachtach is ea tuarascálacha a chur ar fáil do thuismitheoirí atá éasca le tuiscint agus ba cheart an prionsabal sin a bheith i gcroílár an phróisis tuairiscithe mar aon leis an ngá chun faisnéis bhríoch agus úsáideach a chur in iúl. Áirítear i measc na dtairbhí a bhaineann le tuairisciú a dhéanamh i dteanga shoiléir, cabhrú le tuismitheoirí mothú go bhfuil níos mó eolais acu faoi oideachas a bpáiste. Tá seans níos fearr freisin go laghdóidh tuairisciú gan bhéarlagair an méid ama a chaitear ag míniú téarmaí do thuismitheoirí. Cuideoidh tuairisciú a chuirtear ar fáil ar an mbealach seo leis an scoláire freisin tuiscint a fháil ar an áit a bhfuil sé ó thaobh na foghlama de agus céard is gá a dhéanamh le feabhsú.

## Faisnéis a chur ar fáil ar réimse leathan de ghnóthachtáil

Tá béim sa Chreat don tSraith Shóisearach (2015) ar an tábhacht a bhaineann le luach a chur le gach deis agus taithí foghlama a bhíonn ag an scoláire i rith na dtrí bliana den tsraith shóisearach agus pictiúr níos leithne a chur ar fáil do thuismitheoirí agus don scoláire maidir le foghlaim an scoláire. Beidh tuairisciú ar an mbealach seo ina príomhghné den phróiseas tuairiscithe agus is féidir go gcuimseodh sé gnéithe d'fhorbairt príomhscileanna agus deis chun foghlaim an scoláire i gclár Folláine na scoile a aibhsiú. Tabharfaidh tuairisciú sa tsraith shóisearach deis do scoileanna tuairisciú a dhéanamh ar eispéiris agus imeachtaí foghlama eile mar ar tharla foghlaim m.sh. rannpháirtíocht i bhfeasacht shibhialta nó abhcóideacht ceartais shóisialta, imeachtaí chun airgead a bhailiú do charthanas, club códaithe, díospóireacht, Ceadúnas Eorpach Tiomána Ríomhairí, tionscadal de chuid Scoileanna Glasa, ceoldrámaí agus drámaí, club eolaíochta, comhairle na scoláirí, gan ach beagán a lua.

**Tuiscint a léiriú ar fhéinmheas agus ar fholláine ghinearálta an scoláire agus cur chuige ionchuimsitheach a ghlacadh**

Léiríonn cleachtas éifeachtach tuairiscithe tuiscint chomh maith ar fhéinmheas agus ar fholláine ghinearálta an scoláire agus cuireann ar fáil aiseolas ionraic cuiditheach. Is gá an tuairisciú a dhíriú ar an bhfoghlaim agus ar an dul chun cinn agus, mar sin, go dtógfadh sé ar an aiseolas leanúnach a fhaigheann an scoláire sa rang faoina fhoghlaim i rith na scoilbhliana.

D'fhéadfadh sé go mbeadh scoileanna ag iarraidh breithniú a dhéanamh ar an gcaoi a sainaithníonn siad dul chun cinn an scoláire a mbeadh riachtanais speisialta aige agus atá ag gnóthú ar a leibhéal cumais féin. Agus a gcleachtas tuairiscithe féin á bhforbairt acu, d'fhéadfadh sé go mbeadh scoileanna ag iarraidh bealaí a aimsiú lena thaispeáint gur féidir le **gach** duine óg foghlaim agus feabhsú. Agus tuairisciú á dhéanamh ar dhul chun cinn an scoláire a mbeadh riachtanais speisialta oideachais aige, ba cheart cúram ar leith a dhéanamh de thionchar féideartha an tuairiscithe ar fhéinmhuinín agus spreagadh an scoláire. Don scoláire seo, d'fhéadfadh sé go mbeadh scoileanna ag iarraidh a dtuairisciú a chur in oiriúint ionas go mbíonn an bhéim go príomha ar ráitis cháilíochtúla faoina dhul chun cinn. Mar a bheadh amhlaidh le gach scoláire, ba cheart go ndíreodh an próiseas tuairiscithe ar na 'chéad chéimeanna eile' don fhoghlaim.

## An nasc idir an tuairisciú agus Próifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (JCPA)

Is mó an seans go mbainfí amach comhleanúnachas agus comhsheasmhacht i gcleachtas tuairiscithe sa tsraith shóisearach trína chinntiú go dtógann an bealach a dtuairiscítear dul chun cinn agus

gnóthachtáil tríd an PGSS ar an gcleachtas tuairiscithe ó thús deireadh na dtrí bliana den tsraith shóisearach. Bainfear amach an chomhsheasmhacht seo nuair a chuireann an PGSS leis na príomhphrionsabail threoracha chéanna (lch 5) atá in úsáid i bpróiseas na scoile chun dul chun cinn an scoláire a thuairisciú.

## Tuairisciú foirmiúil ar dhul chun cinn an scoláire

Táthar tar éis teimpléid tuairiscithe a dhréachtú a chuimsíonn tacar coitianta de ghnéithe a bheidh tábhachtach chun comhsheasmhacht a chinntiú i dtuairisciú scoile (is féidir iad seo a fháil ag https://www.ncca.ie/ga/an-tsraith-shóisearach/measúnú-agus-tuairisciú/tuairisciú). Ceapadh na teimpléid seo le go mbeadh an 'chuma agus an bhraistint' chéanna acu leis an PGSS agus é mar aidhm leo béim a chur ar an gceangal idir tuairisciú ar feadh na sraithe sóisearaí agus an PGSS.

D'oibrigh roinnt scoileanna leis an CNCM chun roinnt de na cuir chuige leis an tuairisciú atá leagtha amach sna treoirlínte seo a phíolótú. Tugadh le fios san aiseolas ón líonra scoileanna seo go mbeidh am ag teastáil chun tabhairt isteach na dteimpléad tuairiscithe nua a fhorfheidhmiú. Go háirithe, d'aibhsigh siad go mbeidh plé, idirbheartaíocht agus foghlaim ghairmiúil ag teastáil chun é a fhorfheidhmiú go rathúil de réir mar a fhorbraíonn comhaltaí foirne a saineolas maidir le tráchtaireacht éifeachtach a chur ar fáil maidir le foghlaim an scoláire. Beidh sé tábhachtach freisin do scoileanna dul i ngleic le tuismitheoirí sula dtugtar isteach na teimpléid nua ionas go mbeidh tuismitheoirí ar an eolas faoin mbunús atá leis na hathruithe i bpróiseas tuairiscithe na scoile. Ar an mbonn céanna, beidh sé tábhachtach don scoláire na hathruithe atá á ndéanamh i dtaca leis an gcaoi a gcuirtear a dhul chun cinn in iúl a thuiscint.

Tugadh le tuiscint le haiseolas ó scoileanna a thug faoi fhorbairt a gcleachtais tuairiscithe go bhfuil sé tábhachtach sna céimeanna luatha den fhorbairt go mbeadh a oiread solúbthachta agus is féidir ag scoileanna chun na teimpléid a úsáid ar bhealach a oireann dá gcomhthéacs áitiúil agus dá gcuid riachtanas féin. Mhol scoileanna freisin gur cheart go mbeadh samplaí den tuairisciú do scoláirí an dara bliain mar thosaíocht i samplaí luatha de na dréacht-teimpléid.

Léiríonn teimpléid tuairiscithe CNCM an chaoi a bhféadfadh scoil cur chuige céimnithe a ghlacadh le téarmaíocht nua na sraithe sóisearaí a chuimsiú ina dtuairiscí. Mar a tugadh le fios cheana, beidh réimse d'fhoirmeacha tuairiscithe eile á n-úsáid mar aon leis an tuairisc fhoirmiúil seo i rith na scoilbhliana, lena n-áirítear cruinnithe tuismitheoirí agus réimse d'aiseolas scríofa agus ó bhéal maidir le dul chun cinn an scoláire.

## Tuairisceoirí a úsáid don tuairisciú

### Tuairisceoirí gnóthachtála sa Mheasúnú Rangbhunaithe

Tá ceithre thuairisceoir gnóthachtála ann don mheasúnú rangbhunaithe mar atá:

- Thar barr ar fad
- Os cionn na n-ionchas
- Ag teacht leis na hionchais
- Níor chomhlíon na hionchais go fóill

Is mó an seans go bhforbrófar tuiscint ar chaighdeáin agus ar ionchais a bhaineann leis na tuairisceoirí seo nuair a thagann múinteoirí le chéile chun plé gairmiúil a dhéanamh agus le machnamh a dhéanamh ar cháilíocht obair a gcuid scoláirí féin. Beidh an tsonraíocht churaclaim reatha, na treoirlínte measúnaithe agus ábhar tacaíochta eile lena n-áirítear samplaí anótáilte d'obair na scoláirí mar bhonn agus taca faoin bplé seo.  Beidh ról lárnach ag na cruinnithe Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair chun tacú leis an tuiscint atá ag múinteoirí ar chaighdeáin agus ionchais.

Sa chás ina gcinneann scoil ar leanúint d'úsáid scrúduithe deireadh téarma mar chuid den tsraith shóisearach, ba cheart dóibh torthaí na scrúduithe sin a thuairisciú leis na tuairisceoirí ar ghlac Coimisiún na Scrúduithe Stáit leo:

### Tuairisceoirí gráid i scrúduithe scoile

- Gradam (90-100%)
- Ardtuillteanas (75-89%)
- Tuillteanas (55-74%)
- Gnóthaithe (40-54%)
- Gnóthaithe go páirteach (20-39%)
- Neamhghrádaithe (0-19)

Tá samplaí ar fáil sna dréacht-teimpléid tuairiscithe den chaoi a n-áireofaí an dá thuairisceoir seo i dtuarascáil scoláire agus, mar a tugadh le fios cheana, beidh sé tábhachtach go gcaitheann scoileanna am ag forbairt tuiscint ar an téarmaíocht nua le tuismitheoirí agus leis an scoláire.

## Conclúid

Mar atá tugtha le fios síos tríd na treoirlínte seo, glacfaidh sé am, mar aon le foghlaim shuntasach ghairmiúil do mhúinteoirí, chun bogadh i dtreo staid mar a mbeidh seasamh méadaithe ag baint le breithnithe gairmiúla múinteoirí sa tuairisciú ar ghnóthachtáil an scoláire. Fágfaidh athrú ar an bpróiseas tuairiscithe chomh maith go dteastóidh rannpháirtíocht shuntasach leis an scoláire agus le tuismitheoirí, a fuair aiseolas maidir le dul chun cinn roimhe seo a bhí bunaithe go príomha ar mharcanna, ar ghráid agus ar chéatadáin.

Chun an cleachtas tuairiscithe a fhorbairt, caithfear gach iarracht a dhéanamh lena chinntiú go beidh na próisis a chuirtear i bhfeidhm chun fianaise a bhailiú ó mheasúnú leanúnach chun críche tuairiscithe soláimhsithe agus inbhuanaithe. Go háirithe, ba cheart an gá le bailiúcháin mhóra fianaise ar obair an scoláire a dhíspreagadh agus ba cheart a iarraidh ar mhúinteoirí ina ionad sin deiseanna a shainaithint chun nóta a dhéanamh de ghnóthachtáil agus dul chun cinn an scoláire go héifeachtúil agus go héifeachtach nuair a tharlaíonn sé go nádúrtha sa seomra ranga. De réir an chuir chuige seo, féadfaidh múinteoirí scóip an mhéid a mheasúnaítear agus a thuairiscítear a leathnú. Beidh sé tábhachtach don mheasúnú agus tuairisciú go n-aithnítear an rud a deir, a dhéanann agus a chruthaíonn an scoláire mar aon leis an rud a scríobhann an scoláire. Áirítear sa Leabhrán Tuairiscithe sampla de bhealaí inar féidir é seo a dhéanamh go héifeachtach agus go héifeachtúil mar chuid d’Fhoireann Uirlisí don Mheasúnú CNCM. Ag fanacht leis an tsuntasacht a thugtar do mheasúnú leanúnach sa cháipéis seo, beidh scoileanna ag iarraidh breith a dhéanamh ar an ról a bhíonn ag tástálacha deireadh téarma inmheánacha ina bpleanáil.

Tá measúnú agus tuairisciú sa tSraith Shóisearach nua deartha ar bhonn cur chuige déach ina mbainfear úsáid níos mó as measúnú leanúnach agus Measúnuithe Rangbhunaithe, mar aon le húsáid leanúnach as scrúduithe stát-deimhnithe. Dúshlán sa chur chuige nua is ea a chinntiú nach dtógtar fócas ó mheasúnú leanúnach tríd an iomarca béime a leagan ar thástálacha deireadh téarma. Ach, dúshlán is ea é a gcaithfear aghaidh a thabhairt air d’fhonn a chinntiú nach gcuirtear ualach measúnaithe foriomlán iomarcach ar an scoláire agus ar mhúinteoirí.

Cuirfidh na próisis nua chun gnóthachtáil an scoláire a thuairisciú sa tsraith shóisearach deiseanna ar fáil le tacú leis an aistriú idir bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna agus isteach sa tsraith shinsearach. Tá féidearthacht ann leis na teimpléid tuairiscithe nua don tsraith shóisearach, dá bhrí sin, comhleanúnachas agus comhsheasmhacht níos mó a chur ar fáil le cleachtas tuairiscithe bunscoile. Anuas air sin, cuirfidh an próiseas tuairiscithe sa tsraith shóisearach ardán úsáideach ar fáil le tacú le foghlaim an scoláire sa tsraith shinsearach. Tá sé d’fhéidearthacht ag an réimse níos leithne d’fhaisnéis mheasúnaithe a cuireadh ar fáil trí Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS) gur droichead

tábhachtach chuig an tsraith shinsearach a bheidh ann, áit ar féidir é a úsáid le cinntí a threorú i dtaca le conairí todhchaí foghlama.